

A chomhaltaí na Breithiúna, a chomh-Ionchúisitheoirí, a dhaoine uaisle, is mór an ábhar áthais dom é sibh a fháiltiú chuig an 22ú Comhdháil Bhliantúil Náisiúnta na n-Ionchúisitheoirí. Beidh a fhios ag an-chuid daoibh gurb í seo an comhdháil deireanach a mbeidh mé páirteach inti, mar go bhfuilimse le éirigh as ag deireadh mo théarma ar an 7ú lá Samhain. Is ollmhór an onóir agus an phribhléid é post an Stiúrthóra Ionchúiseamh Phoiblí a bheith agam le deich mbliana anuas.

Níl sé i gceist agam dul siar ar an deich mbliana seo caite ar maidin, mar go mbeidh roinnt machnaimh le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil 2020 a foilseofar sa cúpla seachtain seo amach romhainn. Is fairsing an t-ábhar atá ag an gcomhdháil seo, agus ba mhaith liom cúpla rud a rá faoi na topaicí thábhachtacha sin. Thar ceann gach éinne anseo, gabhaimse buíochas lenár gcainteoirí as ucht a gcuid ama 's a gcuid saineolas a chuir ar fáil dúinn ar maidin.

An chéad aoichainteoir a bheidh againn ná Fiona Murphy SC, agus sise ag labhairt faoi ionchúiseamh a dhéanamh ar coireanna gáinneála daoine. Rinneadh roinnt obair atá an-tábhachtach ar fad le cúpla bliain anuas le ionchúiseamh a dhéanamh ar cásanna ar féidir leo bheith dúshlánach, i dtéarmaí an fianaise is gá chomh maith leis an tionchar a bhíonn acu ar íospartaigh gáinneála daoine a bhféadfadh siad bheith mar finnéithe. Tá taithí ag Fiona sa réimse seo, agus táim ag súil le cloisteáil cad atá le rá aici.

Táimidne go mór ar an eolas faoin soghontacht éagsúil atá ag íospartaigh gáinneála daoine agus na deacrachtaí a mbíonn acu ag comhoibriú leis an gcóras chirt choiriúil. Táimidne tiomanta, i gcomhar dhlúth leis an Garda Síochána, le déanamh cinnte de go gcuirimidne, mar ionchúisitheoirí, crainn taca agus acmhainní ar fáil mar is cuí le riachtanais íospartaigh a aithint agus a chomhlíonadh de réir mar a bhogann siad leo tríd an bpróiseas ionchúisimh. Tá oiliúint d'ionchúisitheoirí á phleanáil againn a thabharfaidh sainfhiosraitheoirí de chuid na nGardaí sna míosa seo amach romhainn le fios níos forleithne a fhorbairt ar na fadhbanna atá i gceist. Tús sár-mhaith a bheidh sa pháipéar atá ag Fiona.

An chatagóir thábhachtach eile coire a mbeimidne ag díriú uirthi inniu ná foréigean baile, agus cuirimse fáilte roimh ár n-aoichainteoir, Kerida Naidoo SC. D'ionchúisigh Kerida an chéad triail le haghaidh coir smacht chomhéigneach. Is coir réasúnta nua é seo, a tógadh isteach faoi Alt 39 den Acht um Foréigean Baile 2018. Clúdaíonn smacht chomhéigneach iompar ar féidir leis a bheith thar a bheith dochrach ach, chomh maith le sin, rúnda agus fealltach.

Mar a chloisfidh muid níos déanaí, is féidir coir na smachta comhéigneach a dhéanamh ní amháin i gcoinne céilí agus páirtnéirí sibhialta, ach chomh maith le sin i gcoinne daoine eile a bhfuil dlúthghaol acu leis an amhrastach. Ní gá go n-úsáidtear foréigean i gcoinne an íospartach, seachas sin go gcruthaíonn iompar an amhrastaigh eagla go n-úsáidfear foréigean. Tarlaíonn sé chomh maith má chuireann iompar an amhrastaigh imní mhór nó crá ar an ngearánach, sa chaoi go mbíonn droch-thionchar shuntasach le sonrú ina gcuid gnáthghníomhaíochta laethúla.

Mar is eol dúinn go léir, ceann de na hiarmhairtí atá ar an bpaindéim ná an ardú ghéar in eachtraí fhoréigin bhaile san 18 mí seo caite. Is mór an ábhar trua é go bhfuil an chuma ar an scéal gur chuir tréimhsí dianghlasála brú níos mó ar íospartaigh foréigin baile. Bhí sé thar a bheith tábhachtach gur thóg na Cúirteanna Dúiche an chinneadh go luath go dtabharfar tús áite éisteachta do chásanna foréigin bhaile, agus is mar sin atá rudaí fós.

Sa chomhdháil a bhí ann an bhliain seo chaite, luaigh mé an ardú ghéar ar chásanna foréigin bhaile a fuair m’Oifig. Tháinig dúbailt ar an líon comhaid a fuaireamar chun stiúradh i 2020. Lean an claonadh sin leis i 2021, agus tá ardú breis is 25 faoin gcéad tuartha um deireadh na bliana.

Mar a luaigh mé chomh maith ag an gcomhdháil an bhliain seo chaite, mar gheall ar a gcuid íogaireacht, thógamar isteach polasaí go mba chóir gach cás foréigin bhaile i mBaile Átha Cliath a bhí le h-ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche a chuir isteach ag an Oifig le haghaidh ionadaíocht dlí. Faoi thús mhí Dheireadh Fómhair, fuarthas 330 cás le cur os comhair na Cúirte Dúiche.

D’obair an Oifig go mó leis an Garda Síochána sa réimse seo, ag cur oiliúint ar fáil agus ag forbairt prótacail. Ghlacamar páirt i gcomhoibriú, a mheasaimse go mbainfidh an dá páirtí leas as, le ENRanna foréigin bhaile i réimse na h-oiliúna. D’ionchúisitheoirí, chothaigh sé tuiscint níos fearr ar an eispéireas mhartha a bhíonn ag íospartaigh agus a dtráma. Creidimid gur thugamar tuiscint níos fearr ar an gcóras dlí choiriúil agus ar na crainn taca a bhfuil ar fáil dá gcliaint do na ENRanna sin. Tá an oifig tiomanta ar leanúint leis an obair thábhachtach seo agus cabhróidh na cuir i láthair a dhéanann ár gcainteoirí inniu.

Is catagóir coire iad foréigean bhaile agus gáinneáil dhaoine ar féidir leo a bheith go háirithe dochrach agus leatromach. Go minic, bíonn siad i bhfolach ón sochaí agus is minic a dhéantar iad thar tréimhse míosa nó blianta. Déanann siad an-tráma ar fad. Labhróidh an Dr. Sharon Lambert, ó Coláiste na hOllscoile Corcaigh, ar thopaic an tráma in íospartaigh agus conas mar a thagann sí chun cinn i mbealaí nach mbítear ag súil leo. Rinne an Dr. Lambert taighde lastigh den earnáil dlí choiriúil agus in áiteanna eile sa chóras dlí. Léireoidh sí conas a mbíonn tionchar ag an eagla ar iompar na n-íospartach, ag cruthú dúshláin dóibh agus iad ag déanamh caidreamh le Gardaí agus ionchúisitheoirí. Tá a taighde chomh bainteach céanna le cineálacha éagsúla cásanna, a leithéidí de dhrochúsáid ghnéis ar pháistí. Tá orainn an tráma seo a thuiscint agus muid ag déileáil lena leithéidí d’íospartaigh mar fhinnéithe agus ag soiléiriú a gcuid fianaise sa chúirt.

Ar deireadh, ba mhaith liom fáilte a chuir roimh David Fennelly BL, a bhfuil chun labhairt linn ar an dtionchar atá ag dlí choiriúil an AE ar an gcóras Éireannach, ach go h-áirithe sa chomhthéacs gur sciob an Bhreathimeacht leis córas mhór dhlí choiteann ón AE. Is í seo chomh an chéad bliain a bhfuil na socruithe eiseachadadh nua i bhfeidhm idir an dlínse seo agus an RA.

Tá David chun sinn a thógáil go beacht trí roinnt treochtaí i bhforbairt an dlí choiriúil AE thar trí h-ais, nósanna imeachta, dlí choiriúil substainteach, agus fianaise. Is mór an éacht é seo a

dhéanamh san am a bhfuil aige agus ag smaoineamh ar chomh casta a bhfuil an ábhar seo. Sílim go bhfuil sé réasúnta a rá go bhfuil rudaí tar éis éirí níos casta d'Éireann maidir le dlí choiriúil an AE anois go bhfuil an RA tar éis fágáil. Mar chúlra do seo, b'as tionscnaimh sheachtracha, ach go h-áirithe an AE, a tháinig tuairim is 40% de gach dlí choiriúil a cuireadh i bhfeidhm in Éirinn idir 2015 agus 2020. Tá sé ríthábhachtach nach ndéanann muidne anseo in Éirinn dearmad riamh ar an dtionchar ollmhór atá ag dlí choiriúil an AE ar ár gcóras intíre.

Chonaic an Oifig san 18 mhí seo caite méadú ollmhór san iomlán ar an méid oibre atá le déanamh aici. An bhliain seo caite, tháinig méadú 27% ar an líon comhaid a fuarthas le stiúradh thar gach catagóir coire, rud a leanann méadú 8% i 2019. Tharla méaduithe sa bhreis an bhliain seo. Chuir seo an-bhrú ar fad ar an bhfoireann measartha beag atá ag an oifig seo. Ba mhaith liom ómós a léiriú do ghach ball foirne san Oifig a d'imigh i ngleic go hiontach maith le dúshlán phróiseáil méid oibre níos mó, ach go h-áirithe i rith tréimhse an phaindéim.

Ní rabhamar in ann leanúint leis an iarracht sin san fhad-téarma agus mar gheall ar sin tá an-áthas orm go deo gur tugadh faoinár gcás le haghaidh acmhainní bhreise. Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe poist breise sna meastacháin le haghaidh 2022, rud a ardaíonn an líon iomlán foirne ó 225 go 260. Cé nach bhfuil sé i gceist agam inniu dul siar ar na hathruithe a bhí ann le deich mbliana anuas, níl amhras ann ní amháin gur ardaigh líon na gcásanna ach gur éirigh siad níos mó agus níos casta chomh maith.

Mar a chríochnaímse mo théarma mar Stiúrthóir, táimse thar a bheith sásta go bhfuil acmhainní níos fearr ag an oifig chun leanúint uirthi ag déileáil leis an líon oibre agus í ag méadú.

Mar a leanaimid orainn ag déileáil le tionchar an phaindéim COVID, tá mé ag iarraidh a admháil gurb am thar a bheith deacair é seo do an-chuid dúinn anseo, mar aon leis an bpobal ina iomláine. Cosúil le earnálacha eile, imródh an-tionchar ar fad ar chodanna áirithe den gcóras dlí choiriúil. Cé go ndeachaigh muid ar fad i dtaithe ar bhealaí nua oibre agus déileáil le cineálacha nua cásanna trí éisteacht chianda, ar feadh tréimhsí fada an bhliain seo agus an bhliain seo chaite, ní raibh aon trialacha nua le giúiré in ann tosú. Chruthaigh seo riaráiste trialacha ag leibhéal an Chúirt Chuarda agus an Chúirt Choiriúil Lárnach.

Tá an-bhuairt orm faoi méid na riaráistí sin. Go h-éifeachtach, tá dúbailt ar an méid ama a bhfuil orthu siúd a cuireadh coir ina leith, íospartaigh, agus páirtithe eile fanacht le trialacha, agus tá dátaí trialacha á socrú sa Chúirt Chuarda i mBaile Átha Cliath le haghaidh mí Eanáir 2024. Bíonn moill éagsúla ar Chúirteanna Chuarda in áiteanna éagsúla ar fud na tíre, ach bíonn siad suntasach go maith fós féin. Sa Chúirt Choiriúil Lárnach, tá dátaí trialacha á socrú le haghaidh mí Iúil 2023. Ar ndóigh, is toradh dosheachanta iad na riaráistí seo ar bhearta shlándála phoiblí, agus aithníomse na h-iarrachtaí a rinne na Seirbhísí Cúirt le iarracht a dhéanamh dul i ngleic le na fadhbanna. Cuirimse fáilte le ceapadh breithimh bhreise Ard-Chúirte ag an gCúirt Choiriúil Lárnach an téarma seo le iarracht a dhéanamh dul i ngleic le na riaráistí sna cásanna an-íogair seo.

Cuirimse fáilte chomh maith roimh achtú an bhforáil ar réamh-éisteachtaí trialacha mar atá san Acht um Nósanna Imeachta Coiriúil 2021, a cuireadh i bhfeidhm mí Bealtaine. Tuigim go bhfuil tosach Alt 6 den Acht sin ag fanacht ar chríochnú na rialacha cúirt, atá á dhréachtú faoi láthair na h-uaire. Seo an cur chuige chríonna, mar a fheictear domsa é. Beidh athrú mór de dhíth mar gheall ar an nós imeachta seo leis an gcaoi a dhéanaimid ár gcuid gnó sa chóras dlí choiriúil. Is ceart agus is cóir go rialaítear ag rialacha na cúirte é sa chaoi go bhfuil a oiread cinnteachta is ar féidir maidir lena theacht i bhfeidhm.

Is beag seans go nglanfaidh réamh-éisteachtaí trialacha an riaráiste ar a aonair nó ar an dtoirt, os rud é go bhfuil an riaráiste chomh mór sin. É sin ráite, má bhaintear leas astu go críonna, le cúnaimh Dé cabhróidh siad fadhbanna a aithint níos luaithe i gcásanna aonair de réir ama. Mar thoradh ar seo, ba chóir trialacha a dhéanamh níos giorra nó a sheachaint, agus is fearr nach gcuirtear am bhaill an ghiúiré amú ag déileáil le fadhbanna a bhféadfadh déileáil leo sula gcuirtear an painéal le chéile.

Táimid chun an deis a thapú ón seisiún iata le comhrá a dhéanamh faoi cén chiall a bheidh ag réamh-éisteachtaí trialacha dúinne mar ionchúisitheoirí agus beidh mé ag cuir ceist ar an bPríomh-Aturnae um Ionchúisimh, Helena Kiely, cúpla focal a rá ar dtús.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a léiriú. Gabhaimse buíochas le Edward O’Sullivan, ar sheas síos mar Aturnae Stáit do Cho. Chiarraí díreach inné i ndiaidh 24 bliain seirbhís poiblí thar ceann an tArd-Aighne agus i ndiaidh sin an Stiúrthóir Ionchúiseamh Phoiblí. Guímis gach sonas air agus é ag dul ar scoir. Ceapadh Diane Reidy mar Aturnae Stáit do Cho. Chiarraí, agus guímse gach rath uirthi ina ról nua.

Ba mhaith liom chomh maith Kevin O’Doherty a luadh, atá ar tí éirí as a phost an mhí seo chugainn mar Aturnae Stáit do Loch Garman. Sa chaoi céanna, thug Kevin seirbhís don Ard-Aighne agus don SIP thar tréimhse 20 bliana. Guímis rath air chomh maith. Mar gurb í seo an comhdháil dheireanach a bheidh agam, ba mhaith liom ach go h-áirithe buíochas a léiriú go ghach Aturnae Stáit ar fud na tíre as a gcuid díograise agus a gcuid gairmiúlachta agus mé sa ról seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár n-abhcóide ionchúisimh i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre araon as an seirbhís thar bharr a thug sibh i rith an phaindéim agus chomh maith le sin le linn na blianta a chaith mé mar Stiúrthóir. Tá an t-ádh dhearg orainn líon chomh mór abhcóidí neamhspleácha iontach maithe a bheith againn ag obair i réimse an dlí choiriúil. Cuirimse fáilte ach go h-áirithe inniu roimh na h-abhcóidí a ceapadh le déanaí chun ár bpainéil.

Sa chéad óráid a thug mé i 2012, luaigh mé an croí, mar a fheictear domsa é, don dualgas a leagtar ar ionchúisitheoirí mar atá sé scríofa sna Treoirínte d’Ionchúisitheoirí:

*“Is í aidhm an t-ionchúisitheora ná cinntiú go sroictear breithiúnas chóir ag deireadh próisis na trialach agus gan bheith ag streachailt ar son ciontú thar aon rud eile. Ní h-í*

*sprioc an t-ionchúiseamh choiriúil ciontú a fháil: is í leagan amach os comhair an bhreithimh agus an ghiúiré fianaise, a mheasann foireann na h-ionchúisimh go bhfuil sí iontaoifa, atá ábhartha don choir a chuirtear i leith.”*

Ba onóir é a bheith i gceannas ar eagraíocht a chreidim go mbíonn sí ag dréim le na caighdeáin ionchúisimh is airde agus le barr feabhais agus muid ag cur ár bhfeidhmeanna i gcrích.

Gabhaimse buíochas le gach ball foirne san Oifig as an t-ionchur a bhí acu do na h-aidhmeanna seo.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil ó chroí le na páirtithe leasmhara eile sa chóras dlí choiriúla, atá an-chuid dóibh anseo inniu, bíodh siad ón Garda Síochána, nó ó údaráis dlí choiriúil eile. As mo thaithí féin, tá ard-leibhéal comhoibriú idir gach ceann de na h-údaráis a mbíonn ag obair sa chóras dlí choiriúil, na h-údaráis sin a thugann tacaíocht do íospartaigh ina measc. Gabhaimse buíochas do ghach éinne a rinne obair ar bhealach chomh dearfach agus chomh éifeachtach sin liom fhéin agus le foireann an SIP thar na blianta.

Ar deireadh, buíochas lenár Orlagh Flood agus Kevin Graham fhéin, a d’eagraigh an chomhdháil seo le cabhair ó mórán baill foirne eile.

Mar fhocal scoir, tabharfaidh mé an ardán d’Elizabeth Howlin, a mbeidh mar an chéad chathaoirleach againn ar maidin. Tá Liz ag feidhmiú mar Leas-Stiúrthóir i ndiaidh scor Bhray Donoghue i mí Lúnasa, tar éis 41 bliain mar ionchúisitheoir, agus mar chuid de sin 22 bliain seirbhís chéimiúil mar Leas-Stiúrthóir le dhá Stiúrthóir, agus gabhaimse buíochas leis ó chroí don mhéid sin. Reáchtálfar comórtas don phost sin chomh luath is a ghlacann mo chomharba a p(h)ost. Idir an dá linn, tá Padraic Taylor ag feidhmiú mar Cheannasaí na Roinne Stiúrtha thar ceann Liz. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo agus chomh maith le sin na baill foirne eile a ghlac dualgais nua orthu féin mar gheall ar seo.

Go raibh maith agaibh as aird a thabhairt.